# Curaclam Matamaitice na Bunscoile

## Feasacht ar spásúlacht agus suíomh

| | Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra) | Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó) | Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair) | Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé) |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann* | | | |
| **Torthaí Foghlama** | tuiscint a fhorbairt ar fheasacht ar spásúlacht maidir lena gcolainn agus a ngarthimpeallacht.<br><br>cur síos a dhéanamh ar ghnéithe spásúla de rudaí, chomh maith lena suíomh coibhneasta sa spás. | eolas spásúil a úsáid ar mhaithe le treoshuíomh, agus loingseoireacht.<br><br>suíomh a shamhlú agus a shamhaltú trí úsáid a bhaint as comhordanáidí siombalacha. | cur síos a dhéanamh ar threoracha treo agus suíomh, iad a léirmhíniú agus thaifeadta.<br><br>uillinneacha a chur i gcomparáid agus a rangú, agus iad a aithint mar airí a bhaineann le cruth agus mar chur síos ar chasadh. | cur síos a dhéanamh ar shuíomh ar an bplána comhordúcháin iomlán.<br><br>mapaí de réir scála a léirmhíniú agus líníochtaí de réir scála a chruthú. |
| **Coincheapa matamaiticiúla** | Is féidir gnáth-theanga na cumarsáide a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar ionad agus treo coibhneasta réad agus daoine (coibhneasta le réada agus daoine eile). | D'fhéadfadh teanga níos foirmiúla a bheith ina cabhair orainn cur síos a dhéanamh ar an ionad agus ar an treo níos pointeáilte, m.sh. teanga na n-airde compáis. | Is féidir cur síos a dhéanamh ar threonna agus ar ionaid le mionchruinneas méadaithe, ach úsáid a bhaint as tomhais níos foirmiúla achair agus treo (60 km soir) chomh maith le comhordanáidí simplí tagartha eangaí (A6). | Is féidir cur síos a dhéanamh ar ionad beacht ar léarscáil agus an t ionad a fháil ach úsáid a bhaint as comhordanáidí. |
| | Is féidir breathnú ar shuíomh éigin ó dhearcthaí difriúla. | Is féidir suíomh na rudaí a chur in iúl ar léarscáil, le/gan córas eangaí. | Tá bealaí éagsúla ann chun smaoineamh ar uillinneacha, lena n áirítear:<br>• uillinneacha mar chúinní i gcruthanna 2-T<br>• uillinneacha mar thomhas casaidh. | Is féidir achair ar léarscáileanna agus roinnt pleananna a fháil amach as scála a úsáid. |
| | D'fhéadfadh aonaid neamhchaighdeánacha a bheith úsáideach chun treoracha níos cruinne a chur ar fáil don ghluaiseacht. | Is féidir córas eangaí de línte cothrománacha agus ingearacha, atá lipéadaithe le litreacha agus uimhreacha, a leagan ar léarscáil agus a úsáid chun suíomhanna a shainaithint. | Tá 360 céim i gcasadh iomlán.<br><br>Déantar méid an chasaidh a thomhas i gcéimeanna.<br><br>Baintear úsáid as leath de chasadh iomlán (180 céim) agus ceathrú de chasadh iomlán (90 céim) chun uillinneacha a rangú. | Is féidir úsáid a bhaint as an gcaidreamh idir tomhais uillinne agus comhordanáidí compáis chun treo a mharcáil go cruinn. |
| | Is féidir léarscáileanna simplí agus / nó líníochtaí a úsáid chun gluaiseacht na rudaí a rianú. | Nuair atáthar ag tarraingt léarscáileanna de shuíomhanna, tá sé riachtanach smaoineamh ar mhéid coibhneasta agus ar ionad na bpríomhghnéithe. | Is féidir achair gharbha a ríomh ach machnamh a dhéanamh ar an achar a léiríonn gach ceall ar an eangach. | Tá x-ais chothrománach agus y-ais chothrománach ar an bplána comhordúcháin.<br><br>Sainaithníonn na comhordanáidí suíomh pointe.<br><br>Cuimsítear leis na comhordanáidí péirí uimhreacha, a léiríonn an t achar ar fud na x-aise agus na y-aise faoi seach. |